

<p>Comhairle Chontae na Gaillimhe</p> <p>Scéimeanna Tacaíochta Pobail 2021</p> <p>TREOIRLÍNTE D'IARRATASÓIRÍ</p>	<p>Galway County Council</p> <p>Community Support Schemes 2021</p> <p>GUIDELINES FOR APPLICANTS</p>
--	---



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council



Fáilte chuig Treoirlínte Chomhairle Chontae na Gaillimhe i ndáil leis na Scéimeanna Tacaíochta Pobail don bhliain 2021. Tá súil againn go mbeidh an cháipéis seo eolasach duit agus go mbeidh feidhm agat leis ach ná bíodh faitíos ort teagmháil a dhéanamh linn má tá tuilleadh eolais uait:

Ar an nguthán: 091 509521

Ar R-phost: communitysupportscheme@galwaycoco.ie

Réamhrá:

Aithníonn an Chomhairle go bhfuil pobail áitiúla ar cheann de na hacmhainní is fearr atá againn, agus mar aitheantas air seo, tá na Scéimeanna Tacaíochta Pobail bunaithe ag an gComhairle Chontae a thugann tacaíocht airgeadais do ghrúpaí pobail agus eagraíochtaí chun réimse leathan imeachtaí agus tograí a mhaoiniú. Níor imir rud ar bith riamh roimhe seo an tionchar a d'imir COVID-19 agus ba ghá go leor imeachtaí agus tionscadal a bhí ar na bacáin faoi na scéimeanna seo in 2020 a chur ar ceal. Is dóchúil go n-imreoidh an phaindéim leanúnach tionchar ar thionscadail agus imeachtaí isteach in 2021, ach is eol dúinn, áfach, athléimneacht, solúbthacht agus an iomaí nuálaíocht agus tionscnamh a chuir pobail i ngníomh le cláir agus tacaíochtaí áitiúla a chumasú chun leanúint ar aghaidh a mhéid agus is indéanta. Is tábhachtaí anois ná mar a bhí riamh roimhe seo i dtráthanna cosúil leis an am i láthair go leanann an Chomhairle ag tacú lenár bpobail.

COVID-19:

Caithear feacht a léiriú i ngach iarratas ar dhúshláin COVID-19 agus a ullmhú chun cloí le gach Treoirlíne Sláinte Poiblí atá i bhfeidhm ag tráth a thiteann d'imeacht, do thionscadal nó do ghníomhaíocht amach. Ba cheart duit d'iarratas a bhunú ar an gcomhairle sláinte poiblí is fearr agus ar na treoirlínte atá i bhfeidhm ag tráth an iarratais agus a chinntiú go bhfuil an méid a bheartaíonn tú indéanta nó inoiriúnaithe sa chás go bhfuil bearta sláinte poiblí eile i bhfeidhm ag dáta d'imeachta. D'fhéadfadh tionscadail nó imeachtaí a bheith fisiciúil nó fíorga, nó d'fhéadfadh meascán den dá fhoirm a bheith i gceist leo, agus má éiríonn le d'iarratas, is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn chun gnéithe de sholáthar do thionscadail a athrú díreach roimh d'imeacht. Ba cheart eolas ar threoirlínte sláinte poiblí a fháil ó láithreáin ghréasáin oifigiúla FSS agus Rialtais a nuashonraítear go minic, i.e. <https://www.hse.ie/eng/> agus <https://www.gov.ie/en/>

Cuspóir:

Is é an cuspóir atá leis an scéim tacaíochta ná grúpaí deonacha agus pobail a chothú agus a ghríosadh chun a bheith gníomhach maidir lena gcuid pobal a fhorbairt, agus chun gnéithe eacnamaíochta, pobail agus cultúir an cheantair máguaird a fheabhsú trí thograí agus imeachtaí a mhaoiniú a théann chun leas an phobail i gcoitinne.

Cé mhéad a mhaoinítear?

Bronnfar maoiniú faoi na Scéimeanna Tacaíochta Pobail má shásaíonn an t-iarratasóir an t-íos-sciar cistithe meaitseála – ní sháróidh an deontas uasta a bhronnfar faoi aon Scéim Tacaíochta €3,000, go ginearálta, murach go dteastaíonn bronnadh níos airde ó cháilíocht an iarratais agus togra an tionscadail. Ní mór do ghrúpaí cuntas a bheith acu i mbanc nó i gcomhar creidmheasa ina n-ainm dlíthiúil. Mar gheall go dtéann an maoiniú i leith forchostais tograí/imeachtaí, ní mór do ghrúpaí a ráiteas le dáta a chur ar fáil a léiríonn go bhfuil maoiniú dóthanach ar fáil chun an t-iarmhéid a mhaoiniú. Chun inmharthanacht airgeadais tograí/imeachtaí a mheas go hiomlán, ní mór d'iarratasóirí freisin, aon mhaoiniú breise ón gComhairle, ó áisíneachtaí nó ón rialtas nó tacaíocht deontais a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí a admháil.

Cé hiad na dreamanna ar féidir leo cur isteach ar an scéim?

Aon ghrúpa pobail nó grúpa deonach agus eagraíochtaí neamh-bhrabúsacha atá cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim mar Eagraíocht Dheonach Neamh-Bhrabúsach nó mar Charthanacht agus a chuireann tionscnaimh phobail i gcrích a théann chun leas an phobail níos leithne. Ní mór d'iarratasóirí a bheith suite i gceantar riaracháin Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus/nó cuid mhaith dá gcuid imeachtaí lonnaithe ann - ní mór d'iarratasóirí a bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí lonnaithe sa chathair agus sa chontae a léiriú go soiléir cén sciar / céatadán de na gníomhaíochtaí atá lonnaithe sa dá cheann. Ní féidir aon fhiacha a bheith ar eagraíochtaí leis an gComhairle.

Ní cheadaítear iarratais ar mhaoiniú ó dhaoine aonair nó ó ghnónna aonair. Ní cheadaítear iarratais de ghnáth ó eagraíochtaí a fhaigheann croí-mhaoiniú suntasach ó Ranna Rialtais eile ach amháin mura gclúdaíonn an croí-mhaoiniú an togra/gníomhaíocht agus má chabhraíonn sé chun cuspóirí na Comhairle a bhaint amach, m.sh. gníomhaíochtaí na Scoileanna Glasa a chuireann le gníomhaíochtaí na mBailte Slachtmhara, imeachtaí scoile eischuraclaim a chuireann an Ghaeilge chun cinn.

An bhfuil sé tábhachtach a bheith i do bhall den PPN?

Tabharfar tosaíocht do Ghrúpaí ar baill den Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) iad. Tá PPN Chontae na Gaillimhe comhdhéanta de Ghrúpaí/Eagraíochtaí mar a bhaineann leis na piléir seo a leanas:

- Pobal: Grúpaí Ionadaíochta Gnó Áitiúil /Comhlachais Trádála, Clubanna Spóirt, Grúpaí Ealaíona, Grúpaí Cónaitheoirí, Grúpaí Sóisialta
- Cuimsiú Sóisialta: Grúpaí atá dírithe ar dhaoine faoi mhíbhuntáiste, bochtaineacht agus éagothroime
- Timpeallacht: Coistí Bailte Slachtmhara agus Grúpaí eile dírithe ar inmharthanacht agus ar an timpeallacht a chosaint

Is mian leis an gComhairle caidreamh a bhunú le gach grúpa sa phobal chun pleananna ar leith a fhorbairt do gach baile mór agus gach sráidbhaile, agus maoiniú a aimsiú faoi na scéimeanna deontais éagsúla, go háitiúil agus go náisiúnta. Ní bheidh grúpaí nach bhfuil cláraithe leis an PPN faoin bpiléar cuí páirteach sa phróiseas seo, mar sin, déan cinnte, le do thoil, go bhfuil an Grúpa cláraithe ag <https://www.galwaycountypn.ie/foirm-chlaruchain/?lang=ga>

Cad iad na cineálacha tograí a nglactar leo?

Déantar na tograí a dtugtar maoiniú dóibh a dheighilt i 3 Scéim Tacaíochta a bhfuil sé mar chuspóir acu forbairt inmharthana eacnamaíochta, pobail agus cultúir a chothú. Chun a chinntiú go mbaintear an leas is fearr don phobal i gcoitinne as na hacmhainní teoranta atá ar fáil, ní mór do thograí cloí leis na coinníollacha ginearálta seo a leanas:

- Ní mór tograí/imeachtaí a bheith chun leas an phobail i gcoitinne trí fholláine agus caighdeán an tsaoil a chothú do na saoránaigh ar fad, nó tríd an gceantar a dhéanamh níos tarraingtí do chuirteoirí/do thurasóirí agus iad a mhealladh chun fanacht níos faide.
- Ní cheadaítear trealamh a cheannach ach amháin má tá sé ag teastáil i dtaca leis an togra/imeacht a bheartaítear san iarratas.
- Ní féidir gnáth-chostais feidhmiúcháin a mhaoiniú, lena n-áirítear pá, fóntais agus árachas.

Luachana:

Is féidir le hiarratasóirí atá ag cur isteach ar luach níos lú ná €500 meastachán a dhéanamh ar chaiteachas an togra ó bhéal. Ní mór d'iarratasóirí atá ag cur isteach ar luach níos mó ná €500 luacháil amháin a chur isteach a thacaíonn leis na costais mheasta (luacháil scríofa nó ar R-phost, sliocht ón gclár). Iarrann an Chomhairle ar iarratasóirí **ÁBHAR A CHEANNACH GO HÁITIÚIL** nuair is féidir mar le chéile, is féidir leis seo difríocht mhór a dhéanamh don eacnamaíocht áitiúil.



Conas iarratas a dhéanamh:

Seo a leanas an próiseas bronnta:

- Ní mór na hiarratais ar fad a dhéanamh ar an bhFoirm Iarratais oifigiúil leis na cáipéisí tacaíochta riachtanacha ar fad - ní ghlacfar le hiarratais neamhiomlána agus seolfar ar ais iad. Is faoi na hiarratasóirí atá sé na cáipéisí tacaíochta breise a sheoladh agus a chinntiú go n-uasmhéadaíonn siad a gcuid marcanna faoi na critéir éagsúla measúnaithe.
- Ní féidir le hiarratasóirí níos mó ná iarratas amháin (1) a dhéanamh i leith gach Scéim Tacaíochta.
- Ní mór do gach iarratas a bheith faighte an dáta deiridh nó roimhe - ní dhéanfar aon eisceacht.

Ag obair le chéile chun Contae na Gaillimhe a chaomhnú mar áit tharraingteach ar leith chun cónaí ann, chun dul ag obair ann, chun infheistiú ann agus chun cuairt a thabhairt air.

- iv. Ní mór do gach iarratas cloí leis na riachtanais cháilitheachta - cuirfear iarratasóirí neamhcháilithe ar an eolas.

Conas a dhéanfar measúnú ar m'iarratas?

De ghnáth, sáraíonn iarratais ar chúnamh airgeadais an maoiniú atá ar fáil, mar sin, d'fhéadfaí nach n-éireodh le gach iarratas a chomhlíonann na coinníollacha nó b'fhéidir go mbeadh méid níos lú i gceist. Mar sin tá sé tábhachtach go mbíonn an próiseas measúnaithe dian, chun a chinntiú, agus na cúinsí ar fad á dtabhairt san áireamh, go dtugtar tacaíocht do na tograí is fearr. Déanfaidh baill shinsearacha foirne sna réimsí ar fad measúnú ar na hiarratais agus aontóidh siad moltaí le chéile bunaithe ar laincísí buiséid, caighdeán agus tús áite na n-iarratas. Seolfar liosta d'iarratais mholta chuig an Chomhairle ag cruinniú dá gcuid chomh luath agus is féidir, agus seolfar litreacha chuig iarratasóirí ar an bpointe ina dhiaidh sin. Coimeádann an Chomhairle an ceart cuid den bhuiséad iomlán a choinneáil don scéim mhaoinithe seo chun tacú le tograí straitéiseacha forbartha sna Ceantair Bhardasacha.

Conas a bheidh a fhios agam má éiríonn le mo ghrúpa?

Gheobhaidh iarratais a n-éiríonn leo Litir Tairisceana (Foirm A) a bheidh ina chonradh idir an Chomhairle agus an t-iarratasóir, agus ní mór é seo a shíniú agus a sheoladh ar ais laistigh de 14 lá ón dáta tairisceana, nó, coimeádann an Chomhairle an ceart an tacaíocht deontais a ath-shannadh.

Cad iad na coinníollacha atá i bhfeidhm i dtaca lenár dtogra/ár n-oibreacha/ár n-imeacht a chur i gcrích?

Ní mór d'iarratasóirí cloí leis na Téarmaí agus na Coinníollacha a bhaineann leis an Scéim Tacaíochta Pobail a shonraítear ag deireadh na cáipéise seo.

Conas mar a tharraingim anuas an deontas?

Cuirtear maoiniú ar leataobh ar bhonn bliantúil agus ní féidir é a thabhairt chun cinn. Ní mór duit an togra nó an tairiscint a chur i gcrích agus an t-iarratas chun an deontas a tharraingt a chur isteach laistigh de 30 lá ón imeacht, nó i gcás tograí/oibreacha, faoin 31 Deireadh Fómhair ar a dheireanaí (ach amháin má aontaítear an deontas a chur siar ar chúinsí eisceachtúla). Ní mór na nithe seo a leanas a bheith san iarratas chun an deontas a tharraingt:

- Tuairisc chomhlánaithe ar Chríochnú an Togra (Foirm B)
- Bun-admhálacha ar pháipéar sainchlóite ón soláthraí a léiríonn na míreanna caiteachais, **NÓ**, Sonraisc Oifigiúla ar pháipéar sainchlóite ón soláthraí a léiríonn na míreanna caiteachais **mar aon le** sliocht ó Ráiteas Bainc a léiríonn glan-íocaíochtaí.
- Grianghraif den imeacht a reáchtáladh, **NÓ** grianghraif d'fheabhsúcháin a rinneadh ar chonláistí/ar áiseanna sular tugadh fúthu agus ina dhiaidh Trí ghrianghraif a chur ar fáil, tugann an t-iarratasóir cead don Chomhairle na híomhánna a úsáid do chuspóirí bolscaireachta, agus dearbhaíonn siad go bhfuil cead acu ón ngrianghrafadóir agus ó aon duine atá le feiceáil sa ghrianghraf.
- Cruthúnas d'aitheantas do mhaoiniú Chomhairle Chontae na Gaillimhe don imeacht/do na hoibreacha.
- Uimhir Rochtana do Ríomhdheimhniú Imréitigh Cánach chun comhlíonadh an imréitigh cánach a dhearbhú.

Saoráil Faisnéise:

Tá an tAcht um Shaoráil Faisnéise i bhfeidhm i dtaca le gach taifead a choinníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Cosaint Sonraí:

Ar gach Grúpa/Eagraíocht atá an fhreagracht a chinntiú go gcomhlíonann siad na Rialacha Ginearálta Cosanta Sonraí (GDPR). Tríd a n-iarratas a chur isteach, aontaíonn iarratasóirí go ndéanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe próiseáil ar fhaisnéis an iarratasóra agus an fhaisnéis sin a nochtadh do thríú páirtí más gá, ar mhaithe le maoiniú a riaradh, tuairisciú, luacháil agus iniúchadh; agus ceadaíonn iarratasóirí a n-éiríonn leo do na páirtithe seo an fhaisnéis sin a nochtadh (m.sh. ainm an iarratasóra a n-éiríonn leo, an luach a bronnadh, sonraí an imeachta, srl.) i dtaca le margaiócht nó bolscaireacht a dhéanamh ar Scéim Deontais. Aontaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe beartais chuí a chur i bhfeidhm chun sonraí iarratasóirí a choinneáil slán sábháilte; chun nochtadh na faisnéise gan chead nó trí thimpiste a stopadh, rochtain nó athrú ar an bhfaisnéis; agus chun a chinntiú nach ndéanfar faisnéise phearsanta a phróiseáil ach amháin de réir na bhforálacha cuí den reachtaíocht Cosanta Sonraí.

Cód Rialachais d'Eagraíochtaí Deonacha agus Pobail

Iarrann an Chomhairle ar gach Grúpa/Eagraíocht a fhaigheann maoiniú glacadh leis an gCód Rialachais – tá tuilleadh eolais faoin gCód ar fáil ag www.governancecode.ie

SCÉIM TACAÍOCHTA FORBARTHA EACNAMAÍOCHTA

A. Turasóireacht Pobalbhunaithe: Féilte agus Imeachtaí Rannpháirtíochta (íos. 20% cistiú meaitseála)

Is é an cuspóir atá leis an gcatagóir seo ná tacú le réimse leathan féilte agus imeachtaí rannpháirtíochta atá uailmhianach, nuálach agus ar ardchaighdeán a mheallfaidh muintir na háite agus cuairteoirí araon, agus beidh imeachtaí ann ar feadh na bliana a mbeidh tairbhe shóisialta, chultúir, turasóireachta agus eacnamaíochta ag baint leo don chontae. Is mian leis an gComhairle na hiarratais ar fad d'fhéilte/d'imeachtaí rannpháirtíochta a mheas le chéile chun a chinntiú go roghnaítear na tograí is fearr ar an iomlán ar mhaithe lena maoiniú. Trí fhéilte/imeachtaí a chur i gcatagóirí de réir an scála atá acu, déanfar measúnú cothrom agus oibiachtúil ar fhéilte agus ar imeachtaí rannpháirtíochta atá ar mhéid chomhchosúil faoi na critéir chéanna. Coimeádann an Chomhairle an ceart iarratas a aistriú go dtí scála níos lú, m.sh. má tá an iomarca iarratas ar mhaoiniú faoi Féilte Réigiúnacha agus Imeachtaí Rannpháirtíochta (ciste atá teoranta i gcomhar le Fáilte Éireann). D'fhéadfaí tús áite a thabhairt d'imeachtaí a bhfuil réimse féin-mhaoinithe agus foinsí eile maoinithe acu, agus nach bhfuil ag brath ar an bhfoinse maoinithe seo amháin. Cuirfear maoiniú ar leataobh d'fhéilte agus d'imeachtaí is mó a chuidíonn leis an tionchar eacnamaíochta atá ag turasóireacht ar Chontae na Gaillimhe.

Cé hiad na dreamanna ar féidir leo iarratas a dhéanamh ar an scéim?

Beidh iarratasóirí atá cáilithe mar Eagarthóirí Féilte/Imeachtaí Neamh-Bhrabúsacha agus Ionaid Turasóireachta faoi Threoir an Phobail a bhfuil seoladh gnó acu i nGaillimh agus a bhfuil féile nó imeacht rannpháirtíochta á reáchtáil acu sa chontae a chloíonn leis na critéir thuas agus a thagann faoi cheann de na catagóirí seo a leanas; na healaíona, pobal/teaghlach, timpeallacht, bia agus deoch, oidhreacht/ailtireacht, ócáidí faoin aer/spóirt/fóillíocht. D'fhéadfadh an Chomhairle machnamh a dhéanamh ar fhéile/ar imeacht a mhaoiniú a mbíonn eagraíocht tráchtála páirteach ann nuair a eagraítear é ar bhonn comhoibrithe leis an bpobal áitiúil agus grúpaí ionadaíochta gnó, agus a bhfuil buntáistí cruthaithe turasóireachta agus eacnamaíochta ag baint leis don phobal i gcoitinne.

Imeachtaí nach bhfuil incháilithe faoin gcatagóir seo:

- Imeachtaí ar mhaithe le cúrsaí tráchtála a bhfuil teorainn leis an méid turasóirí a mheallfar
- Seónna talmhaíochta agus aontaí faoin tuath a bhfuil teorainn leis an méid turasóirí a mheallfar.
- Imeachtaí spóirt a mbíonn lucht féachana ann.
- Sorcais agus Carnabhail.
- Aontaí agus Margaí Nollag.

Céard is féidir a mhaoiniú?

Tá na costais seo a leanas cáilithe mar chaiteachas agus d'fhéadfaí iad a mhaoiniú faoin gclár:

- Margaíocht - an costas a bhaineann le margaíocht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus freastal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta ag baint leo. D'fhéadfaí fógraíocht, caidreamh poiblí, margaíocht dhigiteach a áireamh leis seo, agus d'fhéadfaí an costas a bhaineann leis an láthair a bhrandáil a áireamh mar chostais cháilithe.
- Costais léirithe agus Clársceidealaithe - an costas a bhaineann le gníomhaíochtaí/imeachtaí a áirítear ar chlár na féile.
- Forbairt - d'fhéadfaí go gclúdófaí staidéir fhéidearthachta, traenáil, costais chomhairleoireachta do bhrandáil agus taighde ar an lucht féachana/lucht éisteachta nuair atá sé soiléir go bhfuil buntáiste fadtéarmach le baint as agus/nó ardaíonn sé an phróifíl atá ag an imeacht go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta.

Cé mhéid a chistítear?

Beidh deontas uasta €3,000 i gceist, seachas faoi chúinsí eisceachtúla. Tabharfar tús áite do thograí tionscadail a léiríonn go soiléir tairbhe gheilleagrach don cheantar ar bhealach ionchuimsitheach, i.e. trí chur chuige comhoibritheach idir Grúpaí Ionadaíochta Gnó, Grúpaí Pobail, agus an t-údarás áitiúil. Ina thaobh seo, glacfar le comhiarratas ó ghrúpaí comhoibritheacha, más mian leo na costais tionscnaimh a bhíonn ar thionscnamh a roinnt eatarthu.

B. Tionscnaimh Forbhartha Eacnamaíochta (íos. 20% cistiú meaitseála)

Is é an cuspóir atá leis an gcatagóir seo ná cúnaimh airgeadais a chur ar fáil do ghrúpaí neamh-bhrabúsacha agus d'eagraíochtaí atá páirteach i dtograí, in imeachtaí nó i bhforbairtí ag leibhéal áitiúil a spreagann gníomhaíochtaí eacnamaíochta go háitiúil nó a chruthaíonn deiseanna nua gnó. D'fhéadfaí go mbeadh tograí nó oibreacha i gceist a chuireann le taithí an chuariteora agus leis an taithí miondíola - mealltar tomhaltóirí chun cuairt a thabhairt agus chun airgead a chaitheamh ar shráideanna spleodracha a bhfuil radhairc tharraingteacha siopadóireachta orthu agus réimse leathan siopaí miondíola orthu, agus cuireann an líon níos airde custaiméirí le forbairt eacnamaíochta go háitiúil.

Cé hiad na dreamanna ar féidir leo iarratas a dhéanamh ar an scéim?

Áirítear mar iarratasóirí cáilithe Grúpaí/Eagraíochtaí deonacha ar nós Grúpaí Ionadaíochta Gnó, Comhlachais Tráchtála, Cumainn Trádálaithe.

Céard is féidir a mhaoiniú?

Seo a leanas samplaí de thionscnaimh;

- Seirbhísí tacaíochta fiontair a chuireann an earnáil phobail agus an earnáil dheonach ar fáil a chuireann fostaíocht ar fáil ina gceantar áitiúil
- Costais suiteála a bhaineann le Leathanbhanda d'fhoirgnimh phobail. Ní áirítear foirgnimh leis seo, go mór mór, ar Pointí Ceangail Leathanbhanda iad.

- Feachtais bholscaireachta atá dírithe ar thurasóireacht, infheistíocht dhíreach iasachta, áiteanna a chur chun cinn mar cheann scríbe ar ardchaighdeán do chúrsaí miondíola agus do chuaríteoirí, bia áitiúil a chur chun cinn srl.
- Feachtais chun siopadóireacht áitiúil a dhéanamh, comhghnó a chur chun cinn go háitiúil
- Maoiniú ar mhaithe le margaíocht d'imeachtaí nó de thaispeántais, aonaigh feirmeoireachta nó aonaigh pobail a fhorbairt.
- Imeachtaí sóisialta uathúla agus gníomhaíochtaí pobalbhunaithe atá chun leas an gheilleagair áitiúil agus a spregann mórtas sibhialta agus pobail.
- Inbhuanaitheacht sa phobal a chothú, m.sh. cláir eolais i dtaca le Scéimeanna Roinnte Gluaisteán sa phobal agus seirbhísí poiblí iompair, gníomhaíochtaí áitiúla a ghlasú lena n-áirítear córas Fómhair Báistí a fheistiú i lár an bhaile/an sráidbhaile, iniúchta fuinnimh, soilse féile atá ann cheana féin a athrú go dtí soilse atá níos éifeachtaí maidir le fuinneamh.

Cé mhéid a chistítear?

Beidh deontas uasta €3,000 i gceist, seachas faoi chúinsí eisceachtúla. Tabharfar tús áite do thograí tionscadail a léiríonn go soiléir tairbhe gheilleagrach don cheantar ar bhealach ionchuimsitheach, i.e. trí chur chuige comhoibritheach idir Grúpaí Ionadaíochta Gnó, Grúpaí Pobail, agus an t-údarás áitiúil. Ina thaobh seo, glacfar le comhiarratas ó ghrúpaí comhoibritheacha, más mian leo na costais tionscnaimh a bhíonn ar thionscnamh a roinnt eatarthu.

SCÉIM TACAÍOCHTA FORBARTHA POBAIL

A. Saoráidí Pobail (íos. 10% cistiú meaitseála)

Is é aidhm na catagóire seo feabhas a chur ar fhoirgnimh phobail a fheastalaíonn ar an bpobal i gcoitinne - trí fheabhas a chur ar rochtain agus sábháilteacht nó costais a laghdú trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh. Caithfidh an áis a bheith ar fáil maidir leis an úsáid agus taitneamh a bhaineann an pobal i gcoitinne astu ag gach tráth réasúnta, caithfidh sé a bheith saor in aisce, nó níor cheart ach táille bheag a bheith le hóc as forchostais nó chun cistí a thiomsú chun forbairt bhreise a dhéanamh.

Cé hiad na dreamanna ar féidir leo iarratas a dhéanamh ar an scéim?

Úinéirí/lontaobhaithe Áiseanna faoi Úinéireacht an Phobail. Caithfidh an t-iarratasóir fianaise shásúil a sheoladh ar aghaidh maidir le teideal – mar rogha air sin, caithfidh siad a thaispeáint go bhfuil an t-áitreabh á rialú go héifeachtach trí chruthúnas a sheoladh ar aghaidh go bhfuil an t-áitreabh ar léas ar bhonn fadtéarmach leis an bpobal agus toiliú ón úinéir/an deoise a sheoladh ar aghaidh do na hoibreacha a bheartaítear.

Cad is féidir a mhaoiniú?

- Oibreacha inrochtaineachta, sábháilteachta ó dhóiteán, nó éifeachtúlachta fuinnimh a laghdaíonn costais fónais, e.g. téamh agus soilsiú atá tíosach ar fhuinneamh, insliú, bailiú báistí, iniúchadh fuinnimh.

Cé mhéid a chistítear?

- Beidh deontas uasta €3,000 i gceist, seachas faoi chúinsí eisceachtúla. Tabharfar tús áite do thograí tionscadail a léiríonn go soiléir tairbhe gheilleagrach don áis agus dá húsáideoirí reatha.

B. Taitneamhachtaí Pobail agus Thionscnaimh de chuid Chomórtas na mBailte Slachtmhara (íos. 10% cistiú meaitseála)

Is é aidhm na catagóire seo barr feabhais a chur ar an gcuma atá ar limistéir chonláiste faoin spéir agus spásanna poiblí trí oibreacha agus tionscadail forbartha – trí fheabhas a chur ar rochtain agus sábháilteacht, comharthaíocht nó troscán sráide a uasghrádú, agus tionscnaimh chuir a chur i bhfeidhm. Caithfidh an áis a bheith ar fáil saor in aisce chun gur féidir leis an bpobal é a úsáid agus taitneamh a bhaint as.

Who can apply?

Gach Grúpa a thugann faoi fheabhsúcháin ar limistéir chonláiste phoiblí, agus Grúpaí Bailte Slachtmhara, ach go háirithe. Caithfidh iarratasóirí beartas “Gníomhaíochtaí Pobail agus Deonacha ar Bhóithre, i limistéir taitneamhachta agus i limistéir eile faoi chúram Chomhairle Chontae na Gaillimhe” na Comhairle a chomhlíonadh agus Foirm Iarratais a sheoladh chuig an Innealtóir Ceantair áitiúil.

What can be funded?

- Crainn, toir, coimeádáin phlandaí, etc. a chur i spásanna poiblí, i.e. crainn agus toir dhúchasacha nó cur buan a dhéanamh ar aon dul le Plean Pailneora Náisiúnta agus Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2017-2022. De rogha air sin, cisteofar measúnuithe tírdhreachaithe agus pleananna feabhsúcháin a n-eascróidh tionscnaimh inbhuanaithe chuir astu.
- Feabhsúcháin ar scála beag ar pháirceanna poiblí, siúláin agus limistéir áineasa poiblí eile, e.g. oibreacha rochtana, tírdhreachú, cláir eolais, táblaí picnice agus binsí, etc. ****
- Gairdíní Pobail nó Cuibhrinn a Fhorbairt.
- Gníomhaíochtaí Bailte Slachtmhara, feabhas ginearálta a chur ar limistéir chonláiste phoiblí, an sráid-dreach a fheabhsú, troscán sráide, ainmchláir, comharthaíocht fáilte, tionscadail oidhreachta / chaomhnaithe agus chosanta comhshaoil, etc.
- Trealamh garraíodóireachta a cheannach maidir le conláistí poiblí a chothabháil.

Cé mhéid a chistítear?

- Beidh deontas uasta €3,000 i gceist, seachas faoi chúinsí eisceachtúla. Tabharfar tús áite do thionscadail a rachaidh chun sochair an phobail i gcoitinne.
- Mura bhfuil Grúpa/Coiste Bailte Slachtmhara ann agus más mian leis an gCumann Cónaitheoirí atá ann agus grúpaí pobail eile, grúpa a bhunú chun cur isteach ar Chomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara, is féidir leo cur isteach ar Dheontas Nuathionscanta €350 chun na costais a bhaineann le bun-trealamh agus costais tionscnaimh eile a sheasamh. Ní mór dóibh teagmháil a dhéanamh le communitygrants@galwaycoco.ie chun iarratas a dhéanamh maidir leis seo, agus cuirfear comhairle agus traenáil ar fáil dóibh chun cabhrú leo ina gcuid forbartha.

**** Mar chuid d’Fheachtas Bí Slán na Comhairle, agus é mar aidhm aonrú sóisialta agus uaigneas a chomhrac, beidh comharthaíocht á fáil againn le haghaidh ‘Binsí Comhrá’ agus spreagfaimid pobail chun comhartha a thaispeáint ar bhinsí reatha oiriúnacha in eastáit tithíochta, páirceanna nó siúláin a bhfuil tóir orthu. Más mian leat comhartha nó comharthaí a fháil do bhinsí reatha nó comhartha a fháil do bhinse a bhfuil iarratas á dhéanamh agat ar chistiú dó i mbliana, cuir ar an eolas sinn, le do thoil, agus beimid sásta é sin a chur ar fáil.



Is sa Ríocht Aontaithe a baineadh úsáid as Binsí Comhrá an chéad uair i ndiaidh gur dhéileáil Bleachtaire Sáirsint le bean aosta a ndearna caimiléir calaois £31,000 uirthi ar an nguthán, agus chonacthas don Bhleachtaire Sáirsint gur thuig sí gur dhallamullóg a bhí ann ach go raibh sí chomh huaigneach sin agus gur theastaigh teagmháil dhaonna uaithi an oiread sin gur ghlac sí leis an dallamullóg. Chun uaigneas agus aonrú

a chomhrac, ainmnítear binsí áirithe i bpobail mar “Binsí Comhrá” agus cabhraíonn siad leis an míchompord a dhíbirt a bhraitheann daoine amanna nuair a thosaíonn siad ag caint le duine nach bhfuil aithne acu orthu.

C. Bearta Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Sábháilteacht Phobail (íos. 10% cistiú meaitseála)

Is é an cuspóir atá leis an gcatagóir seo ná tacaíocht mhaoinithe ar scála beag a chur ar fáil do ghrúpaí deonacha agus pobail chun díriú ar ghníomhaíochtaí nó seirbhísí a chabhraíonn le grúpaí atá eisiata go sóisialta nó grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste. Tabharfar tús áite dóibh siúd a oibríonn go gníomhach chun go mbeidh rannpháirtithe ó ghrúpaí atá eisiata nó faoi mhíbhuntáiste nó atá suite i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste páirteach.

Cé hiad na dreamanna ar féidir leo iarratas a dhéanamh ar an scéim?

Grúpaí/Eagraíochtaí Cuimsithe Sóisialta.

Cad is féidir a mhaoiniú?

Is samplaí iad seo a leanas de thograí agus imeachtaí a cháilíonn:

- Gníomhaíochtaí cuimsithe sóisialta / Treallamh: tionscnaimh nó treallamh a mheallann grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste chun leas a bhaint as áiseanna pobail, tionscnaimh ar leith a spreagann daoine atá faoi mhíchumas, imircigh nó baill den lucht siúil chun páirt a ghlacadh in imeachtaí spóirt. D'fhéadfaí gníomhaíochtaí a áireamh a laghdaíonn leithlisiú sóisialta agus a fheabhsaíonn meabhairshláinte, m.sh. seirbhísí a chabhraíonn chun cairdeas a chruthú, agus rannpháirtíocht grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste a spreagadh in imeachtaí pobail. Nóta: ní dhéanfar breithniú ar thurais shóisialta cosúil le Turais Lae, Lóna nó sólaistí le haghaidh cistiú.
- Tionscnaimh a chothaíonn agus a cheiliúrann ilchineálacht, m.sh. imeachtaí agus gníomhaíochtaí idir-chultúir, imeachtaí a léiríonn an cultúr atá ag an lucht siúil, pobail nua lena n-áirítear teifigh, imircigh, iarrthóirí tearmainn, imeachtaí LADT srl.
- Gníomhaíochtaí d'Aosaigh - imeachtaí do "Bealtaine", tacaíocht don tseirbhís Béilí ar Rothaí, gníomhaíochtaí do Ghrúpaí Scoir Gníomhaigh, imeachtaí/gníomhaíochtaí ag Ionaid Cúraim Lae, imeachtaí agus gníomhaíochtaí idir-glúnta, tionscnaimh a chruthaíonn cairdeas, Imeachtaí Spóirt do Ghrúpaí d'Aosaigh, srl.
- Gníomhaíochtaí d'Óige - tograí/d'imeachtaí a mheallann youth involvement in community activities or Comhairle na nÓg topics
- Trealamh do thionscnaimh Shábháilteachta Pobail, cosúil le Scéimeanna Pobal ar Aire nó seirbhísí Tarrthála Deonaí, nó Dífhibrileoírí/Uath-Dhífhibrileoírí Seachtracha atá ar fáil go poiblí.

Cé mhéid a chistítear?

Beidh deontas uasta €3,000 i gceist, ach is lú ná €500 a bheidh an chuid is mó den chistiú a bhronnfar sa chatagóir seo. Tabharfar tús áite do thionscadail a thugann spreagadh gníomhach do rannpháirtithe neamhghníomhacha ó ghrúpaí eisiata nó atá suite i gceantair faoi mhíbhuntáiste, a léiríonn go soiléir conas a bhainfidh na daoine/an grúpa tairbhe as togra an tionscadail.

SCÉIM TACAÍOCHTA FORBARTHA CULTÚIR

A. Deontais faoin Acht Ealaíon (gan cistiú meaitseála)

Is é an cuspóir atá leis an gcatagóir seo ná tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do ghrúpaí/d'eagraíochtaí deonacha ealaíon chun gníomhaíocht nó togra ealaíon a chur i gcrích sa phobal. (Ní mór d'fhéilte ealaíon iarratas a dhéanamh agus measúnú a fháil faoin gcatagóir 'Féilte

agus Imeachtaí Rannpháirtíochta'.) Faoin Acht Ealaíon 2003, ní mór do na gníomhaíochtaí nó na himeachtaí:

- suim an phobail a spreagadh sna healaíona, nó
- cleachtadh, eolas agus taithí ar na healaíona a chothú, nó
- caighdeán sna healaíona a fheabhsú ar fud na tíre.

Cé hiad na dreamanna ar féidir leo iarratas a dhéanamh ar an scéim?

Grúpaí/Eagraíochtaí Deonacha agus Pobail sna hEalaíona.

Cad is féidir a mhaoiniú?

Is éard atá i gceist leis na “healaíona” ná aon léiriú cruthaitheach nó léirmhínteach (traidisiúnta nó comhaimseartha) de chineál ar bith, lena n-áirítear;

- Litríocht: grúpaí scríbhneoireachta pobail agus ceardlanna le scríbhneoirí lán-aimseartha agus páirt-aimseartha páirteach iontu; sleachta léitheoireachta ó scríbhneoirí lán-aimseartha nó páirt-aimseartha. Tograí speisialta, m.sh. foilseacháin ó ghrúpaí scríbhneoireachta pobail.
- Amharc-Ealaíona: ranganna agus ceardlanna sna hamharc-ealaíona le healaíontóirí/múinteoirí gairmiúla sna healaíona. Tograí speisialta, m.sh. taispeántais ó ghrúpaí ealaíona pobail.
- Ceol: tograí oideachais ceoil (ní áirítear táillí teagasc aonair), ceadail chlasaiceacha agus chórúil; scríobh, taifeadadh agus léiriú ar phopcheol nua agus ábhar ceol-amharclannaíochta.
- Ceol agus Damhsa Traidisiúnta: ranganna agus gníomhaíochtaí a bhfuil sé mar chuspóir acu an traidisiún a sheoladh ar aghaidh; léiriú ó cheoltóirí traidisiúnta nua agus cruthaithe; ceardlanna agus ranganna sa damhsa traidisiúnta.
- Drámaíocht; amharclannaíocht in oideachas, ceardlanna drámaíochta; obair nua a scríobh agus a léiriú.
- Scannánaíocht agus na Meáin Leictreonacha: scannáin neamh-phríomhshrutha a thaispeáint; gníomhaíochtaí a bhfuil sé mar chuspóir acu rannpháirtíocht sa scannánaíocht, i bhfíseáin agus sna meáin leictreonacha a leathnú.
- Ealaíona Pobail: gníomhaíochtaí lena n-áirítear múrphictiúirí a phéinteáil, drámaíocht phobail, imeachtaí rannpháirtíochta pobail, srl.

Seo a leanas samplaí de chostais atá incháilithe lena maoiniú:

- Is é an cuspóir atá leis na deontais seo ná tacú le réimse leathan réimsí ealaíne; mar sin, ní chuirfear maoiniú ar fáil d'oibreacha caipitil, costais fheidhmiúcháin nó reáchtála, costais árachais don tríú páirtí, imeachtaí rialta lena n-áirítear ranganna seachtainiúla/míosúla, srl.
- Tograí a dhíríonn ar thorthaí pobail go príomha, seachas torthaí ealaíne.
- Ní féidir deontais a thabhairt d'eagraíochtaí brabúis, imeachtaí carthanachta/tiomsaithe airgid, imeachtaí iomaíochta, tograí a bhféadfaí iad a reáchtáil ar bhonn tráchtála, ealaíontóirí aonair.
- Imeachtaí a mhaoinítear le foinsí maoinithe ar leith, m.sh. Oíche Chultúir.
- Tograí/cláir a mbaineann formhór na gcostas le trealamh a fháil ar cíos/costais riaracháin

Cé mhéid a chistítear?

Beidh deontas uasta €3,000 i gceist, seachas faoi chúinsí eisceachtúla.

B. Deontais Oidhreachta (gan cistiú meaitseála)

Is é an cuspóir atá leis an gcatagóir seo tacú le grúpaí/eagraíochtaí deonacha pobail agus oidhreachta tabhairt faoi thograí a rachaidh chun leas an phobail. Ní mór do ghníomhaíochtaí agus do thograí ceann amháin díobh seo a leanas a dhéanamh ar a laghad;

- Eolas a bhailiú agus a roinnt
- Feasacht, léirtheiscint agus rannpháirtíocht a mhéadú i dtaca le gníomhaíochtaí oidhreachta

c) Ár n-oidhreacht a bhainistiú agus a chosaint

Cé hiad na dreamanna ar féidir leo iarratas a dhéanamh ar an scéim?

Grúpaí Oidhreachta, Iarratasóirí na mBailte Slachtmhara, Grúpaí Deonacha, Scoileanna.

Cad is féidir a mhaoiniú?

Seo a leanas samplaí de mhaoiniú do thograí/d'imeachtaí a bhaineann le hoidhreacht nádúrtha, thógtha nó chultúir:

- Suirbhéanna agus Léarscáiliú ar Reiligí, Láithreacha Oidhreachta, Fiadhúlra, srl. i gceantar áitiúil.
- Maoiniú do Phleananna Gníomhaíochta i dtaca le Bithéagsúlacht, Pailneoirí, Speicis ionracha, srl.
- Imeachtaí/taispeántais/foilseacháin a chothaíonn oidhreacht áitiúil a chaomhnú agus a chosaint
- Ceardlanna a bhfuil sé mar chuspóir acu eolas agus scileanna i dtaca le hoidhreacht áitiúil a fheabhsú, agus rannpháirtíocht in imeachtaí oidhreachta a spreagadh, oiliúint oidhreachta agus oideachas san áireamh ar féidir é a sholáthar ar líne.
- Gníomhaíochtaí do Sheachtain na hOidhreachta nó Seachtain na Bithéagsúlachta, m.sh. siúlóidí, cainteanna, srl.
- Bailiúcháin agus ábhar oidhreachta a chaomhnú, lena n-áirítear cáipéisí, agus pleanáil chaomhnaithe agus oibreacha bainistithe gnáthóige chun gnáthóga tábhachtacha fiadhúlra a athchóiriú, srl.
- Maoiniú d'oibreacha chun speicis ionracha a bhaint lena n-áirítear róslabhras a bhaint as coillearnaigh
- Maoiniú do ghairdíní oidhreachta, conairí, srl., agus comharthaíocht agus cláir eolais a bhaineann leo
- Trealamh a bhaineann go díreach le haon togra a bheartaítear

Cé mhéid a chistítear?

Beidh deontas uasta €1,000 i gceist, ach is lú ná €500 a bheidh an chuid is mó den chistiú a bhronnfar.

C. Gníomhaíochtaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn (gan cistiú meaitseála)

I gcomhthéacs ár n-oidhreacht Eorpach, is í an Ghaeilge an teanga labhartha liteartha is sine san Eoraip (foinse; Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030). Ní mór do ghníomhaíochtaí agus do thograí ceann amháin díobh seo a leanas a dhéanamh ar a laghad;

- a) Eolas ar an nGaeilge a mhéadú.
- b) Deiseanna úsáide a chruthú don Ghaeilge.
- c) Dearcadh dearfach a chothú i leith úsáid na Gaeilge.

Cé hiad na dreamanna ar féidir leo iarratas a dhéanamh ar an scéim?

Grúpaí/Eagraíochtaí Deonacha agus Pobail, Grúpaí Ionadaíochta Gnó, Comhlachais Trádála, Grúpaí Spóirt, Grúpaí Óige, Scoileanna.

Cad is féidir a mhaoiniú?

Samplaí de thograí ná;

- Maoiniú do thaighde ar oidhreacht Ghaeilge ar leith, m.sh. logainmneacha, bailte fearainn, srl.
- Tionscnaimh a bhfuil sé mar chuspóir acu an Ghaeilge a neartú mar an phríomhtheanga cumarsáide sa Ghaeltacht
- Ceardlanna/ranganna pobail chun úsáid na Gaeilge a chothú sa phobal, m.sh. gnónna a spreagadh ar mian leo seirbhís dhátheangach a chur ar fáil dá gcuid custaiméirí, chun cabhrú le heagraíochtaí deonacha ar mian leo an úsáid a bhaineann siad as an nGaeilge a mhéadú.
- Gníomhaíochtaí agus imeachtaí a réachtáiltear trí Ghaeilge, m.sh. imeachtaí pobail nó gníomhaíochtaí cultúir, sóisialta, fóillíochta agus spóirt a réachtáiltear trí Ghaeilge (ní mór cuireadh a thabhairt d'Oifigeach Gaeilge na Comhairle freastal ar an imeacht).

Ag obair le chéile chun Contae na Gaillimhe a chaomhnú mar áit tharraingteach ar leith chun cónaí ann, chun dul ag obair ann, chun infheistiú ann agus chun cuairt a thabhairt air.

- Gníomhaíochtaí Sheachtain na Gaeilge agus imeachtaí eile a dhéanann ceiliúradh ar ár gcultúr agus ar ár n-oidhreacht trí Ghaeilge i rith na bliana.

How much is funded?

Beidh deontas uasta €1,000 i gceist, ach is lú ná €500 a bheidh an chuid is mó den chistiú a bhronnfar.

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA DO THACAÍOCHT MAOINITHE

Ní mór d'iarratasóirí cloí leo seo a leanas chun a gcuid maoinithe a fháil agus chun a bheith cáilithe le gur féidir measúnú a dhéanamh orthu an bhliain dar gcionn:

1. Ní féidir **tús a chur** le hoibreacha ná caiteachas a thabhtú i dtaca le gnéithe den togra/den imeacht a bhfuil tacaíocht deontais faighte dóibh go dtí go bhfuil an litir tairisceana seolta ar ais.
2. Ní féidir maoiniú a úsáid ach amháin don chuspóir a shonraítear sa litir tairisceana agus ní mór d'aon **athrú** ar an úsáid a bheartaítear don deontas a bheith faofa i scríbhinn ag an gComhairle, sula gcuirtear tús leis.
3. Cuirtear maoiniú ar leataobh ar bhonn bliantúil agus ní féidir é a iompar chun cinn. Ní mór d'iarratasóirí an t-iarratas chun deontas a **tharraingt anuas** a chur isteach **laistigh de 30 lá dá n-imeacht, nó i gcás tograí/imeachtaí, faoin 31 Deireadh Fómhair ar a dheireanaí**. Coimeádann an Chomhairle an ceart iarratasóirí a fhágáil ar lár óna mbreithniú más rud é gur theip orthu maoiniú na bliana roimhe sin a tharraingt anuas (ach amháin más rud é gur socraíodh an deontas a chur siar ar chúinsí eisceachtúla).
4. Ní mór d'Fhéilte agus d'Imeachtaí Rannpháirtíochta a fuair tacaíocht airgeadais ábhar bolscaireachta dá n-imeacht a sheoladh chuig an gComhairle ag community@galwaycoco.ie d'ár gClár Imeachtaí, agus moltar imeachtaí a fhógairt ar www.discoverireland.ie (chuir ríomhphost chuig irelandwestinfo@failteireland.ie chun bheith páirteach san Treoirleabhar 'What's On'. Moltar imeachtaí atá ar siúl i gConamara a fhógairt ar www.connemara.ie freisin. Ní mór don lucht eagraithe freisin, cuireadh a thabhairt do Chathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus do Chathaoirleach an Cheantair Bhardais freastal ar sheoladh na féile/an imeachta, lena n-áirítear cuireadh chun labhairt ag an seoladh. Ní mór **aitheantas a thabhairt don tacaíocht maoinithe** in aon Phreasráiteas a bhaineann leis an bhFéile/leis an Imeacht agus ní mór deis a thabhairt don Chomhairle ráiteas a dhéanamh mar chuid den Phreasráiteas. Ní mór aitheantas a thabhairt don tacaíocht maoinithe in aon ábhar bolscaireachta eile agus ár lógó a thaispeáint.

Ní mór do na gníomhaíochtaí agus na himeachtaí eile maoinithe ar fad a chinntiú go dtugtar aitheantas don deontas a fuarthas ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe in aon ábhar bolscaireachta eile agus ár lógó a thaispeáint, lena n-áirítear ar líne, nuachtáin, raidió, srl. Nuair a thugtar faoi oibreacha feabhsúcháin ar fhoirgnimh nó ar áiseanna fóillíochta, d'fhéadfadh an Chomhairle leac a chur ar fáil le crochadh ag an láthair.

5. Ní mór fianaise a bheith ar fáil go bhfuil **Árachas** Dlíteanais Phoiblí dóthanach i bhfeidhm ag na hoibreacha/ag na tograí ar fad. Ní ghlacann Comhairle Chontae na Gaillimhe le freagracht ar bith, agus ní ghéilleann an Chomhairle d'aon dlíteanas i dtaca le haon eachtra, tarlú ná éileamh a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Ní mór fianaise d'Árachas Dlíteanais Phoiblí (€6.5m) agus Árachas Dlíteanas Fostóra (€13m) a chur isteach agus ní mór don iarratasóir deimhniú slánaithe do Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chur isteach in aghaidh aon éileamh a dhéanfaí. Coinneofar árachas ar na sócmhainní ar fad a bhfuarthas tacaíocht deontais ina leith, nuair is cuí, in aghaidh cailliúint, nó damáiste de bharr tine, stoirm nó tuillte. Ní mór aon chúiteamh a híocadh faoina leithéid d'árachas a úsáid chun an mhaoin nó an trealamh a athchóiriú a ndearnadh damáiste dó

nó a cailleadh agus déanfaidh an tairbhí aon easnamh a sheasamh. Déanfar an Chomhairle a lua ar na polasaithe ar fad agus tabharfar fógra don Chomhairle i dtaca le haon éileamh.

6. Éilítear ar gach iarratasóir a **n-uimhir thagartha cánach** a chur ar fáil. I gcás Grúpa a bhfuil stádas eagraíochta carthanachta faighte acu ó na Coimisinéirí Ioncaim, éilítear an uimhir “CHY” a eisíodh don chomhlacht sin. Seo a leanas na mionsonraí teagmhála maidir le huimhir chánach a fháil: 091-547700 nó <https://www.revenue.ie/en/starting-a-business/tax-clearance/how-to-apply-for-a-tax-clearance-certificate/applications-for-unregistered-voluntary-bodies.aspx>
7. Tá an fhreagracht ar iarratasóirí a chinntiú go gcomhlíontar na **riachtanais reachtúla** ar fad. Ní mór d’aon fheabhsúcháin ar áiseanna nó soláthar áiseanna cloí go hiomlán leis na riachtanais reachtúla agus/nó ceadúnaithe ar fad, lena n-áirítear na hAchtanna Rialtas Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), na Rialacháin Tógála agus aon reachtaíocht ábhartha eile, lena n-áirítear Sláinte agus Sábháilteacht, rochtain uilíoch, soláthar poiblí. Ní mór do thograí oidhreacht a chinntiú go lorgaítear toiliú ón tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra (NPWS) / Ard-Mhúsaem na hÉireann más gá. Ní mór d’fhéilte agus d’imeachtaí dul i gcomhairle lena nOifig Cheantar Bardais chun a chinntiú go bhfuil na toilithe ar fad ar nós Corrthrádáil / Comharthaíocht shealadach faighte roimh an imeacht.
8. Más i dtaca le tailte nó le foirgnimh a dhéantar an t-iarratas, ní mór don iarratasóir **fianaise shásúil i dtaca le teideal** a sholáthar - nó seachas sin, ní mór **toiliú i scríbhinn** a sholáthar ón úinéir talún / úinéir maoinne / Comhairle. Más rud é go bhfuil an togra ar bun i spásanna nó in áiteanna poiblí, ní mór d’iarratasóirí cloí le polasaí na Comhairle dar teideal “Gníomhaíochtaí Deonacha agus Pobail ar Bhóithre, Limistéir Áiseanna agus Limistéir Eile” agus Foirm Iarratais a chur ar fáil don Innealtóir Ceantair Áitiúil.
9. Ní mór d’iarratasóirí a réachtálann tograí a mbíonn baint ag daoine faoi 18 mbliana d’aois leo, **Polasaí um Chosaint Leanaí** a bheith acu agus cóip den pholasaí sin a chur ar fáil.
10. Beidh aon áiseanna/seirbhísí a chuirtear ar fáil, **ar mhaithe le húsáid agus le sásamh an phobail** an t-am ar fad, go réasúnach, saor in aisce, nó ar tháille bheag chun forchostais a sheasamh nó más cuí, chun ciste a bhunú ar mhaithe le tuilleadh forbartha.
11. Ní mór do Chomhairle Chontae na Gaillimhe a bheith sásta i dtaca le socruithe faoi **chothabháil** a dhéanamh **sa todhchaí** ar na tograí a mhaoiníonn siad. Beifear ag súil go bhfuil úinéireacht nó smacht éifeachtach ag iarratasóirí ar an talamh agus/nó foirgnimh ábhartha agus go mbeidh Bunreacht acu chun leanúnachas freagrachta a chinntiú sa mBunreacht sa todhchaí (tá teimpléad ar fáil ó resourceworker@galwaycountypn.ie). I roinnt cásanna, d’fhéadfadh an Chomhairle a rá, mar choinníoll den tacaíocht deontais, gur gá don iarratasóir cloí le Conradh nó le Comhaontú chun cothabháil agus bainistiú na háise don chúis ar maoiníodh an togra a chinntiú. Ní féidir an mhaoin a dhíol, a ligean ar cíos nó a leagan amach ar bhealach eile, gan toiliú ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
12. Trí ghlacadh le maoiniú, aontaíonn iarratasóirí an Grúpa/an Eagraíocht a chur ar an eolas faoi fhuíollábhar, bruscar, fuinneamh agus bainistiú uisce, agus iarrachtaí a dhéanamh d’áis, do chuid imeachtaí agus do chuid tograí a **‘Ghlasú’** thar tréimhse ama. Cuireann muid comhairle ar ghrúpaí iarracht a dhéanamh teacht ar ábhair inmharthana agus inathnuaite ina gcuid tograí. Chun comhairle a fháil ar d’áis agus d’imeacht a ‘ghlasú’, déan teagmháil leis an Oifigeach Feasachta Timpeallachta sa Chomhairle nó féach ar aon cheann de na suíomhanna idirlín seo a leanas:
<https://greenyourfestival.ie/green-events/>
<http://www.greencommunitiesireland.org/>
<https://www.enterprise-ireland.com/en/Productivity/Build-a-green-sustainable-Business/>

<http://www.epa.ie/begreen/>

<https://localprevention.ie/>

13. Ní mór don Chomhairle a bheith sásta go gcloíonn an duine a fhaigheann an deontas leis na coinníollacha ar fad a bhaineann leis an Scéim agus is féidir leis an gComhairle cuid den deontas nó an deontas ar fad **a choinneáil siar** sa chás nach gcloítear le haon cheann de na coinníollacha, nó má dhéantar athrú ábhartha gan toiliú ar an togra gan cead. Is féidir leis an gComhairle cuairteanna gan choinne a thabhairt ar láithreacha chun comhlíonadh a chinntiú.
14. Coimeádann an Chomhairle an ceart athrú a dhéanamh agus/nó aon riachtanais eile a chur san áireamh chun maoiniú a íoc de réir mar a chinntear. I gcás ar bith, coimeádann an Chomhairle an ceart feidhmiú agus coinníollacha na scéime a leasú agus a **athbhreithniú**.